Bord Oideachais & Oiliúlna CDCM

# Tuairisc Bhliantúil 2024

*"Todhchaí níos gile foghlama leBOOCDCM"*

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
**CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN**
**KILDARE AND WICKLOW**
EDUCATION AND TRAINING BOARD

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

## Clár na nábhar

Clár na nábhar ........ 2
Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach ........ 3
Forléargas ar BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin ........ 4
Léarscáil BOOCDCM de Sheirbhísí Oideachais agus Óiliúna ........ 6
Forléargas ar Sheirbhísí ........ 7
**Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta** ........ 9
**Scoileanna** ........ 10
**Breisoideachas & Oiliúint 'BOO'** ........ 10
**Ráiteas Straitéise 2020-2024** ........ 12
An Bhliain a bhí ann – BOOCDCM sa bhliain 2024 ........ 16
Tuairisc Rialachais ........ 22
Feidhmeanna an Bord ........ 22
**Tuairisc ar Nochtuithe Cosanta 2024** ........ 24
**Acht ne dTeangacha Oifigiúla 2003** ........ 24
**Astaíochtaí agus Inbhuanaitheacht** ........ 24
**Glacadh le Bronntanais** ........ 24
**Comhdhéanamh an Bhoird (2019 – 2024) agus freastal ar chruinnithe 2024.** ........ 24
Comhdhéanamh an Bhoird (2024 - 2029) agus freastal ar chruinnithe 2024. ........ 27
**Cothromaíocht Inscne i mBallraíocht an Bhoird** ........ 28
**Coistí BOOCDCM** ........ 28
Ceithre Cholún na dTosaíochtaí Straitéiseacha ........ 32
Príomh-ghaiscí BOOCDCM sa bhliain 2023 ........ 33
Gluais Téarmaí agus Acrainmneacha ........ 42

# Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach

Is le bród a chuirimid obair BOOCDCM i láthair sa Tuairisc Bhliantúil 2024 seo.

Léiríonn an tuairisc seo obair na heagraíochta don bhliain 2024 inár scoileanna, ár seirbhísí breisoideachais agus oiliúna, ár seirbhísí don óige, gineadh ceoil, chomh maith lenár gcuid oibre laistigh de na seirbhísí um thacaíocht agus fhorbairt eagraíochta.

Léiríonn an tuairisc bhliantúil seo gur bhaineamar amach, go ráthúil, go leor de na spriocanna a bhí againn inár Ráiteas Straitéise, agus léiríonn sé chomh maith go leanann an tiomantas atá againn chun feabhas a chur ar chaighdeáin an teagaisc agus na foghlama, chomh maith le forbairt a dhéanamh ar ár bhfoireann, na timpeallachaí foghlama agus na córais atá againn. Ba thréimhse shuntasach fáis é an bhliain 2024 do BOOCDCM le huimhreacha na ndaoine ag baint úsáide as ár seirbhísí go léir ag fás; táimid tiomanta dár bhfoghlaimeoirí thar aon rud eile.

Leanann fás na scoileanna atá againn; rinneamar maoirseacht ar chlár tógála fairsing sa bhliain 2024 chun a chinntiú go mbeidh dóthain áiteanna scoile ann do na mic léinn go léir a d'fhéadfadh a bheith againn inár ndobharcheantair. Bhí fás suntasach chomh maith san éileamh ar áiteanna sa réimse leathan clár breisoideachais agus oiliúna. Bhí an-áthas orainn a fhógairt go hoifigiúil gur oscail Scoil Speisialta Bhaile an Chradógaigh, ag cur fáilte roimh 24 mac léinn atá ag tabhairt aghaidh ar a dturas oideachais linne.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár gcomhpháirtithe san oideachas áitiúil, agus d'fhorais phátrúin eile as a gcabhair, a dtreoir agus a dtacaíocht sna cúrsaí sin.  Mar chuid dár nDualgas san Earnáil Phoiblí tá BOOCDCM tiomanta cothromaíocht deiseanna agus rochtana a chinntiú dár bhfoghlaimeoirí go léir.

Baineadh amach gaiscí BOOCDCM sa bhliain 2024, mar a léirítear sa tuairisc seo, le dea-rialachas agus rialú inmheánach, faoi dhian-mhonatóireacht ó Bhord BOOCDCM, ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus ón gCoiste Airgeadais.

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le Bord BOOCDCM, agus na Boird Bhainistíochta inár scoileanna go léir, grúpaí comhairleacha agus fochoistí chomh maith lenár bhfoireann go léir a oibríonn chomh dian sin chun na caighdeáin is airde seachadta a chinntiú ar fud ár raon seirbhísí. Ar ár bhfoghlaimeoirí, fostóirí agus comhpháirtithe eile go léir a chuir a gcreideamh i KWETB agus a leanfaidh ar aghaidh ag rochtain ár soláthar oideachais agus oiliúna isteach 2025 agus ina dhiaidh sin, agus guímid gach rath oraibh i do thurais oideachais.


| | |
|---|---|
| **Cllr. Paul O'Brien** | **Dr Deirdre Keyes** |
| **An Cathaoirleach BOOCDCM** | **An Príomhfheidhmeannach** |

## Forléargas ar BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin


Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin ar an 1 Iúil 2013 faoi réir ag Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá freagracht ar BOOCDCM, faoina chúram, oideachas agus oiliúint a sholáthar ar fud Chill Mhantáin agus Chill Dara. Tá struchtúr corporáideach aige le coiste atá ceaptha go daonlathach, 'An Bord', agus foireann bhainistíochta, 'An Coiste Feidhmiúcháin'.

Déanann BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin freastal ar dhaonra de thart ar 403,625 duine (Daonáireamh 2022), rud a léiríonn méadú de thart ar 10% ó Dhaonáireamh 2016. Clúdaíonn scoilcheantar BOOCDCM timpeall 8% den daonra náisiúnta. Le deich mbliana anuas tá fás 16.3% tagtha ar dhaonra an réigiúin, fás atá níos tapúla ná an meán náisiúnta. Tá Daonra Chill Dara ar cheann de na cinn is mó fáis in aghaidh gach duine den daonra i gcontaethe uile na hÉireann.

Léiríonn an pátrún fadtéarmach fáis (ó 1981) go bhfuil BOOCDCM ag fás ag dhá uair an ráta náisiúnta. Tá fás ard, nádúrtha, agus ó thaobh imirce de, le feiceáil i gcontaethe Chill Dara agus Chill Mhantáin. Ó thaobh daonra de, tá sé ar an dara BOO is mó fáis, agus ar an gceathrú BOO is mó tar éis BOOCBÁC, BOOÁCDL, BOOC. Tá daonra measartha óg ag Cill Dara agus Cill Mhantáin – níos óige ná an meán náisiúnta – rud a léiríonn an gá, atá ag méadú, do sheirbhísí sa todhchaí. Tá 34 % de dhaonra BOOCDCM faoi 25 bliain d'aois, agus tá 27% faoi 18 mblian d'aois. Is é an meán-aois i gCo. Chill Dara ná 36.9 bliain d'aois, rud a chiallaíonn gur bhfuil sé ar cheann de na contaethe leis an meán-aois is óige in Éirinn.



Síneann an ceantar a bhfuil BOOCDCM I gceannas air ó Charn an Bhua i gCo. Chill Mhantáin Theas go dtí Maigh Nuad i gCill Dara Thuaidh, le dreach tíre nádúrtha maorga shléibhte Chill Mhantáin agus machairí Chill Dara idir eatarthu. Tá ceantair i gCill Dara agus i gCill Mhantáin, i dtuaisceart an dá chontae, le cuid den daonra is mó fáis, ar an 'gcrios comaitéireachta' isteach go cathair Bhaile Átha Cliath. Éilíonn sé seo soláthar casta seirbhísí ar fud an dá Chontae.




Is BOO ar leith é BOOCDCM sa mhéid is go bhfuil an ceantar aige roinnte i dtrí réigiúin spáis: Ceantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath (CUBÁC), an Croí-Réigiún agus an Réigiún Tairseach. Baineann bailte, atá uirbithe go mór, le dlús ard daonra, ar nós Maigh Nuad, Léim an Bhradáin, Cill Droichid, Bré agus Na Clocha Liatha le CUBÁC, agus tógann siad isteach cuid den fhás ó Bhaile Átha Cliath. Baineann an chuid is mó den gceantar atá fágtha sa dá Chontae leis an gCroí-Réigiún. I measc na bpríomh-bhailte a ainmníodh sa Straitéis Spásúil, mar bhailte a bhfuil ról gníomhach socheacnamaíoch acu, agus an cumas iontu a bheith mar thiomantóirí fáis, tá Maigh Nuad, Bré, An Nás, Cill Mhantáin, agus Ráth Naoi. Chomh maith leis sin, ainmníodh Bré, Cill Droichid, An Nás, agus Droichead Nua mar bhailte móra sa Straitéis Lár an Bhaile i dtús báire.

Cuireann BOOCDCM seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fáil ar fud an réigiúin. É sin ráite, tá difríochtaí móra réigiúnda laistigh de BOOCDCM a bheidh mar bhonn le pleanáil straitéise. Tá claonadh sa taobh theas den réigiún, nach bhfuil dlús chomh hard daonra iontu, rátaí níos airde dífhostaíochta, rátaí níos airde míchumais, agus leibhéil níos ísle oideachais, a bheith iontu. Tá ceantair faoi mhíbhuntáiste sa dá chontae. Tá Toghcheantair Charn an Bhua, Ráth Míchil, Choill Bhearaigh agus Átha Í Thiar ainmnithe mar cheantair faoi mhíbhuntáiste in Innéacs HP Pobal.

Tá aird faoi leith tugtha ag BOOCDM, de réir na bhfreagrachtaí atá air san earnáil phoiblí, don riachtanas leithcheal a dhíbirt, cothromaíocht deiseanna a chur chun cinn, agus cearta daonna na foirne, na bhfoghlaimeoirí agus na ngrúpaí, a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh, a chosaint.

Cloíonn BOOCDCM le riachtanais reachtaíochta Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, an tAcht Oideachais 1998, An tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta 2004, an Bille um Iontráil Scoile 2020, an tAcht um Bhreisoideachas agus Oiliúint 2013, an tAcht um Mhíchumas 2005, an tAcht um Stádas Comhionann 2000-2018, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, ag tabhairt aird faoi leith ar chomhlíontacht maidir le cearta daonna agus dualgais chothromaíochta mar atá le fáil iontu.

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
**CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN**
**KILDARE AND WICKLOW**
EDUCATION AND TRAINING BOARD

## Léarscáil BOOCDCM de Sheirbhísí Oideachais agus Óiliúna

### Léarscáil BOOCDCM de Scoileanna agus Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna

Tá léarscáil idirghníomhach de Chill Dara agus Cill Mhantáin ar fáil ar ár suíomh gréasáin, ina bhfuil liosta de shuíomhanna agus seirbhísí BOOCDCM, sonraí teagmhála san áireamh.



## Forléargas ar Sheirbhísí

Is údarás maoinithe ag an Stáit é Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin, atá freagrach as deiseanna foghlama a chur ar fáil, atá ar ard-chaighdeán, ionchuimsitheach, agus feadh an tsaoil ar fud Chill Dara agus Chill Mhantáin. Tacaíonn agus Comhordaíonn BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin seirbhísí oideachais, oiliúna agus óige i gCill Dara agus i gCill Mhantáin. Cuirimid ar fáil, go sonrach, oideachas ag an mbun leibhéal, ag an dara leibhéal, ag leibhéal na hiar-Ardteistiméireachta, maraon le printíseachtaí, cúrsaí oiliúna, seirbhísí don óige, ceol, breisoideachas agus oiliúint pobal, allamuigh agus aosach. Soláthraímid seirbhísí den chéad scoth, a dhéanann freastal ar riachtanais gach foghlaimeoir sa phobal againn.





Feidhmíonn BOOCDCM trí cheithre stiúrthóireacht – Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint (BOO), agus dhá stiúrthóireacht laistigh de Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE) – ag oibriú le chéile chun a chinntiú go bhfaigheann foghlaimeoirí an t-oideachas, an oiliúint agus na tacaíochtaí is fearr atá ar fáil.



Mar sholáthróir atá freagrach go poiblí, táimid tiomanta oideachas agus oiliúint a chur ar fáil atá bunaithe ar chomhionannas, ionchuimsitheach, agus foghlaimeoir-lárnach, agus a thacaíonn le mic léinn agus le foghlaimeoirí uile BOOCDCM barr a gcumas a bhaint amach. Cuireann ár scoileanna agus ár seirbhísí BOO conairí forchéimnithe ar fáil a chinntíonn rochtain ar an oideachas do gach uile duine.

Tá BOOCDCM mar phátrún ar:

- 26 Scoileanna; 23 Iarbhunscoil; 3 Scoileanna Náisiúnta Pobail
- 6 Pobalscoil ar Chomh-Phátrún
- 1 Scoil Speisialta d'fhoghlaimeoirí le Neamhord de chuid Speictream an Uathachais
- 25 Lárionaid BOO
- 2 choláiste do chúrsaí iar-Ardteistiméireachta
- Freastal ar bheagnach 34,000 mac léinn agus foghlaimeoir de gach aois, ag leibhéil éagsúla, ar fud phobail Chill Dara agus Chill Mhantáin
- Timpeall 14,000 teastas sa bhreisoideachas a eisiúint gach bliain.
- Níos mó ná 2,670 duine fostaithe i bpobail Chill Dara agus Chill Mhantáin.




## Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Cuireann stiúrthóireacht TFE, faoi stiúir beirt de na stiúrthóirí, taca faoi obair na Scoileanna agus BOO, ar cur riarachán riachtanach, seirbhísí feidhmíochta, chomh maith le tacaíocht bhainistíochta agus straitéiseach ar fáil, ag cinntiú go ndéantar gach feidhm a bhainistiú go héifeachtach.

Tá sé mar aidhm ag foireann TFE BOOCDCM *"seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla a sholáthar a shásaíonn riachtanais na ndaoine a ndéanaimid freastal orthu, agus atá cosanta ag dea-chleachtais rialachais."* Tá TFE freagrach as bunsheirbhísí, ina measc AD, Airgeadas, Seirbhísí Corporáideacha/Rialachas, TFC, Foirgníocht agus Earcaíocht.

Sa bhliain 2024, ceadaíodh dhá phost riaracháin shinsearacha. Mar thoradh ar seo bunaíodh dhá aonad TFE. Chomh maith le stiúrthóir breise, ceadaíodh dhá phost do Phríomhoifigigh Chúnta, ceann amháin don Roinn Airgeadais agus ceann amháin do Sheirbhísí Corporáideacha. Ceadaíodh poist eile ag grad VII, VI agus V. Cuireadh na poist seo in áit chun róil a líonadh in TFC, inbhuanaitheacht agus cumarsáid.




## Scoileanna

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin (BOOCDCM) seirbhísí oideachais ar fáil, ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile, ar fhud chontaethe Chill Dara agus Chill Mhantáin.




## Breisoideachas & Oiliúint 'BOO'

Le maoiniú ó SOLAS agus buiséad de c.€39,700,000, cuireann BOO réimse leathan, ilchineálach roghanna ar fáil sa bhreisoideachas agus san oiliúint, i 25 láthair BOO ar fud Chill Dara agus Chill Mhantáin. Cuireann BOO cláir ar fáil do réimse leathan foghlaimeoirí, ina measc cláir chun dul chun cinn a dhéanamh san oideachas, agus scileanna do mhargadh na fostaíochta. Cuireann BOO cláir foghlama ar fáil chomh maith don rannpháirtíocht shóisialta, ag cabhrú le daoine na scileanna agus an t-eolas a bhaint amach atá ag teastáil chun maireachtáil agus oibriú i sochaí nua-aimseartha.




Cuirtear na cláir seo a leanas ar fáil faoi Sheirbhís Bhreisoideachais BOOCDCM:

- **Seirbhís Oideachais Bhunata Aosach** (a bhfuil an teideal Litearthacht d'Aosaigh air chomh maith) – clár páirtaimseartha do dhaoine fásta ar mian leo a scileanna bunúsacha a fhorbairt sa litearthacht, san uimhearthacht agus i mbun TFC.
- **An tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach** – seirbhís a chuireann treoir oideachais agus gairme, agus roinnt comhairleoireacht phearsanta ar fáil do dhaoine fásta.
- **Seirbhís Aighneachta** – seirbhís treorach agus comhairleoireachta oideachais agus gairmeacha beatha do dhaoine idir 16 agus 21 bliain d'aois a d'fhág an scoil go luath.
- **Tionscnamh Filleadh ar an Oideachas** – clár páirtaimseartha do dhaoine óga agus do dhaoine fásta, ag cur cláir ag Leibhéal 3-6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ar fáil.
- **Oideachas Pobail** – clár páirtaimseartha do ghrúpaí pobail, agus do dhaoine aonair ar mian leor filleadh ar an oideachas, nó leanúint leis an oideachas i dtimpeallachtaí pobail éagsúla.
- **Teastas Iar-Ardteistiméireachta (TIA)** – clár lánaimseartha cuimsitheach oideachais ag Leibhéal 5 agus 6 den gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, do lucht fágála scoile, agus do fhoghlaimeoirí fásta atá ag filleadh ar an oideachas.
- **Oideachas do Phríosúnaigh** – oideachas a sholáthar, i gcomhpháirt le Seirbhís Príosún na hÉireann i bPríosún Oscailte Mhainistir Shelton, an tInbhear Mór.
- **Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)** – clár lánaimseartha, dhá bhliain, ag Leibhéal 3-6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, do dhaoine fásta atá fostaithe agus ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh, ar mian leo dul faoi ath-oiliúint/ nó cur lena scileanna, chun méadú ar na deiseanna fostaíochta a bheadh acu.


- **Ógtheagmháil** – clár lánaimseartha, dhá bhliain, do dhaoine idir 16 agus 21 bliain, a d'fhág an scoil go luath, ar mian leo cáilíocht ag Leibhéal 3 agus 4 den gCreat Náisiúnta Cáilíochta a bhaint amach.
- **Clár do Dhídeanaithe** – clár faoi leith a chuireann cláir threoshuímh agus theanga ar fáil do chónaitheoirí fásta in Ionad Treoshuímh um Fháiltiú Éigeandála an Óstán Hazel. (EROC)
- **Príntíseacht** – Riar na bprintíseachtaí i réigiún BOO agus príntíseacht cheardaíochta agus neamh-cheardaíochta a sholáthar go díreach
- **Nasc-chúrsaí agus Bun-chúrsaí** – cláir lánaimseartha do dhaoine fásta ar mian leo cur lena scileanna ag Leibhéal 3 agus 4 den gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí
- **Clár Oiliúna faoi leith do Dhaoine faoi Mhíchumas** – clár lánaimseartha, ar conradh, do dhaoine fásta faoi mhíchumas nó le riachtanais eile ar mian leo cur lena scileanna/ dul faoi ath-oiliúint
- **Oiliúint do Scileanna Faoi Leith** – clár lánaimseartha, ar conradh, dírithe ar oiliúint a chur ar dhaoine fásta atá dífhostaithe, chun bearnaí aitheanta scileanna faoi leith a líonadh
- **Daoine Faoi Oiliúint** – clár foghlama lánaimseartha san ionad oibre, ar conradh, do dhaoine fásta ar mian leo dul faoi ath-oiliúint/ cur lena scileanna
- **Clár Scileanna** chun Dul Chun Cinn d'fhoghlaimeoirí fostaithe, ó Leibhéal 3 go 6 den gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí
- Tacaíocht agus riarachán do **Sheirbhísí don Óige agus do Ghineadh an Cheoil** i gCill Dara agus i gCill Mhantáin.

| Clár BOO | Tairbhithe |
|---|---|
| Ionchuimsiú Páirtaimseartha Breisoideachais | 2,885 |
| BCTE – Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile | 2,548 |
| Breisoideachas páirtaimseartha | 2,016 |
| Breisoideachas lánaimseartha | 649 |
| Ógtheagmháil | 453 |
| Clár Scileanna le haghaidh Dul Chun Cinn | 2,435 |
| Oiliúint – cúrsaí oiliúna san áireamh | 2,761 |
| Printíseacht | 622 |
| Teastas Iar-Ardteistiméireachta (TIA) | 2,599 |
| Iomlán 2023 | 16,968 |

## Ráiteas Straitéise 2020-2024

Tá sé mar fhís againn oideachas, oiliúint, seirbhísí don óige agus seirbhísí tacaíochta atá ar ard-chaighdeán, ionchuimsitheach agus nuálach, a sholáthar. Tacaíonn na ráitis atá againn maidir lenár gcroí-luachanna leis an bhfís atá againn barr feabhais a chur chun cinn i ngach rud a dhéanaimid, agus a bheith mar cheannaire ag leibhéal an phobail agus ag an leibhéal náisiúnta.

Chun tacú leis an ndualgas san earnáil phoiblí i leith an Chomhionannais agus Chearta an Duine, aithníonn BOOCDCM a thábhachtaí is atá sé cultúr measa a chruthú, atá ag teacht leis na bunluachanna atá aige, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise.cultúr measa a chruthú




Leagann Ráiteas Straitéise BOOCDCM 2020-2024 cuspóirí ard-leibhéal amach do BOOCDCM, a bhfuil na ceithre cholún atá againn maidir le tosaíochtaí straitéiseacha mar bhun leis;

1. Teagasc agus Foghlaim
2. Timpeallachtaí Oibre agus Foghlama
3. Foireann
4. Rialachas Corporáideach

Cinntíonn na ceithre cholún seo go gcuirtear na caighdeáin teagaisc agus foghlama is airde ar fáil, ar bhealach ionchuimsitheach agus nuálach. Tá BOOCDCM tiomanta áiseanna oiriúnacha agus den scoth a chur ar fáil sna hionaid foghlama agus oibre, agus ag an am céanna, a chur ar chumas na foirne barr feabhais a bhaint amach trí thimpeallachtaí oibre a chur chun cinn go gníomhach, le tacaíocht ó chóras láidir rialachais chorporáidigh a thacaíonn le freagracht agus trédhearcacht.

Tá BOOCDCM tiomanta aird an phobail a tharraingt ar a Dhualgas san Earnáil Phoiblí agus a fhreagracht faoin Acht Míchumais 2005, agus na dualgais maidir le cearta daonna agus comhionannas a leanann iad seo i ngach réimse den eagraíocht, trí cur chuige níos córasaí a thógáil air féin de réir na moltaí d'fhorais phoiblí ó Choimisiún na hÉireann um Cheart an Duine agus Comhionannas.

Leanfaidh BOOCDCM de bheith ag beachtú a chuid oibríochtaí chun tacú lena mhandáid, lena mhisean, agus lena chuspóirí straitéiseacha, ag cinntiú éifeachtúlacht, rialachas láidir, freagracht shoiléir, agus cinnteoireacht thrédhearcach.

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

# ÁR BHFÍS

Chun oideachas, oiliúint, seirbhísí tacaíochta agus seirbhísí don óige a sholáthar atá re ard-chaighdeán, ionchuimsitheach agus nuálach. Chun barr feabhais a bhaint amach i ngach rud a dhéanaimid agus a bheith chun tosaigh ag leibhéal an phobail agus ag an leibhéal náisiúnta.

Chun oideachas, oiliúint, seirbhísí don óige agus tacaíocht ar ard-chaighdeán agus nuálach a sholáthar, atá inrochtana, ag freagairt do riachtanais na bhfoghlaimeoirí, an phobail agus na sochaí, atá ag fás, agus a chuireann barr feabhais, cothromaíocht agus ionchuimsiú sóisialta chun cinn.

# ÁR MISEAN

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD


2024
Bliain Faoi Athbhreithniú
Institiúid Bhreisoideachais Bhré ainmnithe mar Choláiste Bhreisoideachais agus Oiliúna an Todhchaí.
Oscailt Scoil Speisialta Bhaile an Chradógaigh
Críochnaíodh Straitéis Inbhuanaitheachta BOOCDCM i 2024 – Comhlíonadh leis an dtreochlár náisiúnta bainte amach
Chríochnaigh fostaithe BOOCDM cúrsa oiliúna maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine sa seirbhís phoiblí
Cúrsa Oiliúna BOOCDCM do Theicneolaí san Ard-Déantúsaíocht – Aitheantas Speisialta do Bhuaiteoirí Thionscnaíocht Chistiú Sóisialta na hEorpa 2024

## An Bhliain a bhí ann – BOOCDCM sa bhliain 2024

Bliain eile as a chéile, lean BOOCDCM de bheith ag cur tacaíocht láidir agus leanúnach ar fáil sna cúrsaí BOO, san oideachas, litearthacht, tacaíochtaí treoracha agus foghlama dár bpobail uile. Fhad is a d'fhan leibhéil ghníomhaíochta BOO seasta ar an iomlán, bhí méadú suntasach 12% san éileamh ar chúrsaí iar-Ardteistiméireachta.

Tá Scoil Speisialta Bhaile an Chradógaigh sa Nás oscailte agus ag feidhmiú ó Mhí Mheán Fómhair 2024. Cuireann an fhorbairt seo rochtain scoile a bhfuil géarghá leis ar fáil do mhic léinn le riachtanais chasta fhoghlama. D'oscail an Tánaiste, Simon Harris (Taoiseach Aibreán 2024- Eanáir 2025) agus an t-iar-Aire Stáit le freagracht don Oideachais Speisialta agus Ionchuimsitheacht, Hildegarde Naughton, an scoil nua speisialta go hoifigiúil i Mí Eanáir 2025.



Ceadaíodh síneadh 1,000 dalta do Choláiste Pobail Bhaile Coimín. Laghdóidh an méadú acmhainne seo brú suntasach ar áiteanna scoile i gceantar Bhaile Coimín. Tá an obair seo ag dul ar aghaidh go maith.

Cothrom le dáta do scoileanna

Cheiliúr Coláiste Pobail na gClocha Liatha casadh an fhóid ar thógáil fhoirgneamh scoile nua 1,000-dalta i Mí Lúnasa, leis an iar-Thaoiseach, Simon Harris, i láthair, mar atá le feiceáil thíos. Lonnófar an foirgneamh nua ar shuíomh 11.5 acra ag Coill Hawkins, Na Clocha Liatha. Is tionscnamh deartha agus tógála faoi threoir na Roinne Oideachais atá ann.



Tugadh cead pleanála d'Iarbhunscoil Naomh Fhearnáin sa Chorrchoill i gCo. Chill Dara.  Sa scoil seo beidh aonad oideachais speisialta le ceithre sheomra ranga, halla il-chuspóireach, seomra ilfheidhmeach, seomraí ginearálta, sain-sheomraí, spásanna sóisialta, leabharlann, agus spásanna riaracháin.



Fuair BOOCDCM faomhadh chun dul ar aghaidh leis an gcéad chéim eile chun 'Coláiste an Todhchaí' a fhorbairt in Institiúid Bhreisoideachais Bhré. Beidh áit ar deireadh, ar an suíomh, do os cionn 1,500 foghlaimeoir sa choláiste athfhorbartha, agus beidh sé ábalta freastal ar 5,000 foghlaimeoir cóibhéiseach, lán-aimseartha, cumaiscthe, agus páirtaimseartha.

Bhí Bronnadh na nDuaiseanna AONTAS STAR 2024 ar siúl i bPáirc an Chrócaigh ar an 8 Márta, ag ceiliúradh barrfeabhas in earnáil an bhreisoideachais agus na hoiliúna ar fud na hÉireann. Mar chuid den ócáid bhí CSTE bródúil maoiniú a dhéanamh ar Dhuais Speisialta Aitheantais chun onóir a thabhairt do thionscnaíocht eisceachtúil comh-mhaoinithe ag CSTE.

**Aontas Dámhachtainí 2024**

I measc 24 ainmní gearrliostaithe, tugadh Duais Aitheantais Speisialta CSTE do Chlár Oiliúna BOOCDCM don Ard-Déantúsaíocht Leibhéal 6. Tacaíonn an clár, a seoladh i gCill Droichid sa bhliain 2015, le grúpaí atá faoi ghannionadaíocht, ina measc, mná, daoine a fhágann an scoil go luath, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, agus teifigh, chun fostaíocht ar ard-chaighdeán a bhaint amach i dtionscail na teicneolaíochta agus na cógaseolaíochta.

Léiríonn an tionscnaíocht seo bunluachanna CSTE- ag leathnú rochtain ar an oideachas agus ar an bhfostaíocht, agus ag an am céanna ag cothú ionchuimsitheacht sóisialta níos fearr.




I Mí na Samhna, bhí imeacht cheiliúrtha léige mhullaigh ag BOOCDCM sa Nás i gCo. Chill Dara dá chéimithe ar Chúrsa Oiliúna na Gruagaireachta. Rinne an imeacht ceiliúradh ar chríoch an chláir 3-bliana, ag cur cruthaitheacht agus scileanna na mac léinn sa bhliain deiridh os comhair an tsaoil, trí stíleanna gruaige nuálacha a raibh a dtaithí phearsanta féin mar spreagadh dóibh. Ag nascadh oiliúint phraiticiúil le staidéar acadúil treoraíonn an cúrsa oiliúna an mac léinn chuig teastas QQI Leibhéal 6 atá aitheanta go náisiúnta agus go

hidirnáisiúnta. Dhírigh an imeacht, a d'fhreastal foireann BOOCDCM, meantóirí agus clainnte air, ar éacht ealaíonta na bprintíseach, agus an tslí bheatha a fhéadfaidís a bhaint amach i réimse na gruagaireachta agus réimsí eile ceangailte leis.

Seactain ETB
11-15 Marta
2024

Leanadh, le linn 2024, ag cur Creat Phátrún BOOÉ i bhfeidhm. I Mí Márta 2024 tháinig an 16 BOO, ó áiteanna ar fud na tíre, le chéile i bPáirc Thuamhan, Luimneach. Ba mhór an cheiliúradh ar éiteas agus bunluachanna na mBord Oideachais agus Oiliúna a bhí ann, a thiomáineann caighdeáin oideachais i mbunscoileanna, iarbhunscoileanna agus breisoideachais i bpobail aitiúla ar fud na tíre. Chuir an imeacht seo seimineár gréasáin Idirnáisiúnta BOO i láthair i 2024 chomh maith. Ina theannta sin, cuireadh an chéad ócáid do dhuaiseanna náisiúnta alumnais BOO i láthair chun meas a léiriú ar iarfhoghlaimeoirí eisceachtúla BOO a rinne éacht ina gcúrsaí, nó a rinne ionchur thar barr ina bpobail. Fógraíodh sparánachtaí BOO chomh maith i réimse na Teicneolaíochta agus IS, Nuálaíocht Ghlas, Na Meáin & Cumarsáid, agus An Ghaeilge. Bronnadh píosa dealbhóireachta, coimisiúnaithe go speisialta, ó Kathleen Walsh, déanta as cufróg, gaineamhchloch agus gualach, ar gach alumnas.



Ní amháin gur fhreastail ainmní BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin ar a ionad BOO áitiúil sular bhunaigh sé gnó an-rathúil, ach lean a chlann mhac leis an dtraidisiún.  D'fhreastail Simon Cross ar an ngairmscoil bheag i Ráth Iomgháin sular bhunaigh sé 'Cross Engineering', atá anois ina ghnó innealtóireachta feirmeoireachta nuálach agus rathúil faoi stiúir ag beirt mhac Shimon, Jason agus Gary, a d'fhreastail ar an scoil BOOCDCM áitiúil chomh maith, Ardscoil Rath Iomgháin.

Sna Duaiseanna Sparánachta, tugadh an dara háit do bheochantóir cumasach, íomhá ar íomhá, a bhfuil a chroí sa *Lego*, agus ar mhaith leis dul isteach i dtionscail na scannánaíochta mar stiúrthóir nó mar scríbhneoir scripte. Ó Bhunscoil Naomh Fharnáin i mBOO Chill Dara agus Chill Mhantáin, comhghairdeas Corey Talbot.




Leanann BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin le ról tábhachtach i soláthar an oideachais do pháistí agus do chlainnte ón Úcráin inár bpobail i gCill Dara agus i gCill Mhantáin. Tugadh áit do c. 200 foghlaimeoir i BOOCDCM ar an iomlán.

Údarás
Náisiúnta
Míchumais
(ÚNM)

Lean BOOCDCM lena chuid oibre ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (CÉI) i 2024.  Tá Dioplóma Gairmiúil an Fhorais Riarachiáin i gCearta an Duine agus Comhionannas déanta ag beirt shinsearach den fhoireann, agus tá go leor den eolas á roinnt acu tríd ár ngrúpa oibre CÉI.  Chuireamar modúl oiliúna Choimisiún na hÉireann

um Chearta an Duine agus Comhionannas (CÉCDC) chun cinn. Rinne BOOCDCM óstáil ar Lá CÉI chun ceiliúradh a dhéanamh ar an 40+ ball foirne a chríochnaigh modúl oiliúna an CÉCDC i mí Mheán Fómhair 2024. Chruthaigh an imeacht seo comhrá forásach faoi CÉI san eagraíocht, ag roinnt an obair atá mar fhócas ag an ngrúpa CÉI lenár bhfoireann, agus ag ceiliúradh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach i réimse an Dualgais san Earnáil Phoiblí.



Chun feabhas a chur ar rochtain ar shuíomh gréasáin BOOCDCM chuamar i dteagmháil leis an Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM), agus bhíomar rannpháirteach in athbhreithniú domhain a rinne an ÚNM ar ár suíomh gréasáin, a bhfuil cur síos acu orainn ina dtuairisc bhliantúil 2024 mar shampla maith den dea-chleachtas a bhféadfadh daoine eile san earnáil aithris a dhéanamh air. Tá méadú 40% tagtha ar an scór rochtana againn ó thaobh rochtain ar an suíomh gréasáin mar thoradh ar seo. Roinneadh an t-eispéireas seo le fóraim BOOÉ chun aird a dhíriú air i dteannta leis an ÚNM.

Rinne an Fhoireann Soláthair an-iarracht le linn 2024 chun caiteachas soláthair neamh-chomhlíontach a ísliú ar fud na heagraíochta. Le tacaíocht ó pháirtithe leasmhara éagsúla tháinig laghdú 30.4% ar chaiteachas neamh-chomhlíontach i 2024 ar an iomlán, atá cothrom le 1% dár gcaiteachas iomlán neamh-phá. Don chéad uair níor lorg na hiniúchóirí aon mhíniú nó aon tuairimí sna litreacha bainistíochta maidir lenár gcaiteachas soláthair d'iniúchadh 2024. Léiríonn sé seo a sástacht leis an gcaoi ar cuireadh an córas soláthair i bhfeidhm le trédhearcacht agus cothroime. Leanfaidh na hiarrachtaí chun caiteachas neamh-chomhlíontach a ísliú níos mó gan maolú.

**Tionscnamh um Oiriúnú an Phárolla i 2024**

Chríochnaigh BOOCDCM an Tionscnamh um Oiriúnú an Phárolla i 2024. An aidhm a bhí ag an dtionscnamh seo ná Párolla AD-Core a ailíniú le córas códú SUN. Is córas airgeadais é an córas SUN atá in úsáid ag an Roinn Airgeadais. Is próiseas ríthábhachtach é an idirphlé idir an dá chóras chun cothromú cruinn sa chaiteachas a chinntiú. Rinne an tionscnamh seo cuíchóiriú ar chaiteachas, agus neartaigh sé na córais tuairisce inmheánacha idir an dá ionad BOOCDCM i gCill Dara agus i gCill Mhantáin. Bhí dian-ghlanadh sonraí i gceist do 2500+ fostaí, oiliúint glacadh úsáideora agus cuíchóiriú ar theidil

phoist chun a chinntiú go ndearnadh mapáil ceart ar an lucht ceannais, agus go raibh an caiteachas cruinn. Chuaigh an tionscnamh beo go rathúil i Mí na Samhna 2024.

Rinne foireann earcaíochta BOOCDCM earcú rathúil ar 610 duine i róil éagsúla, ina measc 372 Múinteoir, 3 Phríomhoide, 8 Leas-Phríomhoide, agus 119 Post Freagrachta. Léiríonn an éacht iontach seo fócas daingean na foirne daoine ar ard-chumas a mhealladh agus a fhostú, chun tacú lenár misean oideachas, oiliúint, agus tacaíochtaí don óige, atá ar ard-chaighdeán agus nuálach, a chur ar fáil. Bhí a gcuid oibre crua agus a ndíongbháilteacht ríthábhachtach i gcomhlíonadh na riachtanais foirne againn agus i gcinntiú barrfeabhas san oideachas dár mic léinn agus dár bhfoghlaimeoirí.

BOOCDCM AD, Párolla agus Pinsean

Ghlac foireann earcaíochta BOOCDCM tionscnaíocht shuntasach orthu féin tacú le scoileanna speisialta trí Scéim Uaireanta Comhoibríoch na Roinne Oideachais. Is é a bhí i gceist ná uaireanta teagaisc, a dáileadh ar mhic léinn iarbhunscoil i scoileanna speisialta, a riaradh, ag cinntiú go raibh rochtain ar sholáthar mhúinteoirí sna réimsí curaclaim ábhartha. D'éascaigh iarrachtaí na foirne an comhoibriú idir an príomhshruth agus na scoileanna speisialta, ag cur cleachtais ionchuimsitheacha chun cinn, agus ag uasmhéadú an tsoláthair ar chláir faoi leith. Bhí baint ag a ndúthracht agus a gcuid oibre crua le hoideachas agus tacaíocht ar ard-chaighdeán a chur ar fáil do mhic léinn le riachtanais speisialta, ag léiriú a dtiomantas feabhas a chur ar dheiseanna oideachais do gach uile fhoghlaimeoir.

Chomhlíon BOOCDCM a chuid dualgas faoin gCiorclán 11/2014, ráitis phinsean bhliantúla a chur ar fáil do na baill uile i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí i 2024. Bhí bliain ghnóthach ag an bhfoireann Pinsin; phróiseáil siad 32 iarratas scor thar dhá scéim phinsin agus d'eisigh siad 1,237 ráiteas sochar bliantúil, chomh maith le 249 ráiteas sochar pinsin do fhostaithe BOOCDCM ag fágáil, a d'íoc ranníocaíochtaí chuig Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí, agus méideanna atreoraithe le linn na tréimhse 2013-2023.



Bhí an dara ócáid scoir bhliantúil ag BOOCDM chomh maith i Mí Dheireadh Fómhair 2024 d'fhostaithe a d'éirigh as le linn 2023 agus 2024, agus ina measc bhí bronnadh ón bPríomhfheidhmeannach agus ón bhfoireann dóibh siúd a d'imigh ar scor. Dhearaigh agus rinne ár gcomhghleacaithe i Mainistir Shelton an bronntanas scoir, agus chruthaigh ár gcomhghleacaithe i dTeach na Mara cácaí scoir, rud a chuir nóta pearsanta leis an ócáid. D'éirigh go hiontach leis an ócáid agus bhí neart aiseolas dearfach le clos ar an lá agus ina dhiaidh sin. Is rud seasta é seo anois i ndialann na Foirne Scoir as seo amach.

Chuaigh 10 scoil de chuid BOOCDCM i ngleic le mapáil soláthair i 2024. Tá sé mar aidhm ag an bpróiseas forbartha leanúnach tacú le feabhsú scoile ionchuimsitheach. Tabharfaidh an chéad dreas 18-mí de Mhapáil Soláthair rochtain do scoileanna, atá ag glacadh páirt ann, ar

threoir, acmhainní, ceardlanna agus foghlaim ghairmiúil, chun cabhrú leo sonraí a bhailiú ón bhfoireann, ó mhic léinn, agus ó thuismitheoirí maidir le hoideachais ionchuimsitheach. Déanfar anailís ar na sonraí seo chun bheith mar bhonn le feabhsú scoile sa todhchaí, agus chun na hacmhainní , an fhoghlaim ghairmiúil agus an tacaíocht atá ag teastáil, a aithint, chun leanúint de bheith ag freagairt do riachtanais aitheanta i sraith leanúnach.

**Tionscnamh Nuálach Píolótach don Tríú Leibhéal**

Roghnaíodh BOOCDCM chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh nuálach píolótach don tríú leibhéal a sheol an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta i 2023. Sa dara bliain anois, tá fás tagtha ar an scéim phíolótach seo chun comhoibriú idir na BOO-anna agus institiúidí tríú leibhéil a éascú, thar go leor réimsí suime réamh-aitheanta, le foghlaimeoirí ag dul ar aghaidh chuig Leibhal 7 nó 8, á bhronnadh ag an institiúid tríú leibhéal bainteach le hábhar.  Tá sé i gceist tionscnaimh eile a chruthú, agus táthar ag súil go ndéanfar an tionscnaíocht a phríomhshruthú sa todhchaí.

Mar chuid den gClár Scoil Photovoltaic, tá tuairisc thairisceana curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais, agus táimid ag fanacht ar chead chun dul ar aghaidh agus conraitheoir a cheapadh. Tá 16 scoil de chuid BOOCDCM páirteach sa tionscnamh seo.

De réir na reachtaíochta, tá sé den riachtanas go mbeadh Ráiteas Straitéis 5-bliana ag BOOCDCM. Glacadh le cur chuige iomlánaíoch trí fhoireann straitéise a chruthú laistigh den eagraíocht. Cuireann an straitéis seo le creat straitéise BOO 2020-2024, agus cuireann sé an léargas luachmhar, a fuarthas trí chomhliúchán fairsing le príomh-pháirtithe leasmhara agus le gníomhaireachtaí a bhfuil baint acu le hobair BOOCDCM, san áireamh. Chuaigh an fhoireann i gcomhairle le mic léinn, le foghlaimeoirí, le tuismitheoirí, agus le páirtithe leasmhara eile, ag tabhairt cuireadh dóibh aiseolas a chur ar fáil, agus ionchur a bheith acu sa Ráiteas Straitéise.




I Mí na Bealtaine seolfar an Ráitas Straitéis nua 2025-2029, ar ghlac an Bord go foirmeálta leis i Mí na Márta 2025.

## Tuairisc Rialachais


Bunaíodh BOOCDCM faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, agus tá sé freagrach as stiúir ceart agus smacht ar a chuid feidhmeanna sna ceantair údaráis áitiúla i gCill Dara agus i gCill Mhantáin.

Cloíonn BOOCDCM leis an gCód Iompair um Rialachas na mBord Oidachais agus Oiliúna, Ciorclán 0083/2024 ón Roinn Oideachais. Tá sé mar chuspóir ag an gcód a chinntiú go gcuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin prionsabail an dea-rialachais agus na bainistíochta i bhfeidhm.
Léiríonn an tuairisc seo achoimre ardleibhéil ar imeachtaí rialachais i BOOCDCM i 2024. Tá dea-rialachas inár n-imeachtaí go léir ríthábhachtach; tá sé seo le feiceáil i gceann amháin de na ceithre cholún straitéise dírithe go hiomlán ar an rialachas.

Glacann Bord BOOCDCM leis an gCód Cleachtais um Rialachas na mBOO 2024, cloíonn sé leo, agus tá riachtanais suas-chun-dáta an Chóid curtha i bhfeidhm inár gcleachtais agus ár nósanna imeachta rialachais ar fud na heagraíochta.

## Feidhmeanna an Bord

Is feidhmeanna forchoimeádta iad na cinntí a dhéanann an Bord, agus tá siad leagtha síos i Roinn 12 (2) d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, agus i gCiorclán 0083/2024, Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, le sceideal iomlán leagtha síos in Aguisín A an Chóid. Glactar leis gur gnó feidhmiúcháin don bPríomhfheidhmeannach iad cinntí nach bhfuil leagtha síos sa Chód. Tá an Bord sásta go roinneann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna amach de réir mar is cuí, agus de réir Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.




Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád, a léiríonn, chomh cruinn agus is féidir, ag aon am, staid airgeadais an Bhoird, agus a cheadaíonn dó a chinntiú go bhfuil na Ráitis Airgeadais comhlíontach le Roinn 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá an Bord freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint, agus as céimeanna réasúnta a thógáil chun caimiléireacht agus neamhrialtachtaí eile a sheachaint agus a aimsiú. Measann an Bord go léiríonn na Ráitis Bhliantúla Airgeadais, i gceart, ioncaim agus caiteachas an Bhoird, agus mar a sheasann cúrsaí leis an mBord.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ní mór don mBord:
(a) Na gnáth-pholasaithe cuntasaíochta maidir le hullmhúcháin a dhéanamh ar ráitis

airgeadais BOO a chur i bhfeidhm
(b) Breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
(c) Aon athrú ábhair ó na gnáth-pholasaithe cuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú

I measc imeachtaí an Bhoird sa bhliain 2024 bhí:

- Glacadh le Plean Seirbhíse 2024
- Glacadh le Tuairisc Bhliantúil 2023
- Ráitis Airgeadais Bhliaintiúla agus Ráiteas um Rialú Inmheánach 2023 á dhearadh
- Cead tugtha do bhaill freastal ar chomhdhálacha
- Léasanna faofa
- Athbhreithniú déanta ar dhul chun cinn an Ráiteas Straitéise

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeacht an chórais um rialú inmheánach, agus go bhfuil an Ráiteas um Rialú Inmheánach (RRI), gur féidir a athrú suas go dtí an t-am a mbíonn an Iniúchadh Seachtrach críochnaithe, istigh leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB) don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024. Cuirfear na Ráitis Airgeadais Bhliantúla i gcló laistigh de mhí amháin ón uair a fhaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Deimhníonn BOOCDCM chomh maith, gur cuireadh Tuairisc Cuimsitheach an Chathaoirligh faoi bhráid an Aire, agus an RRI leis mar aguisín.

Deimhníonn BOOCDCM gur cuireadh na cuntais bhliantúla faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi 1 Aibreán 2025, agus ag an am ar cuireadh an tuairisc bhliantúil isteach, nach bhfuil iniúchadh déanta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu, agus de réir treoir an Aire Oideachais cuirfidh BOOCDCM na Ráitis Airgeadais Bhliantúla Iniúchta i gcló laistigh de mhí amháin ón uair a fhaightear ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

iad.

Cuireadh Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2023 os comhair Theach an Oireachtais agus ina dhiaidh sin foilsíodh iad ar ár suíomh gréasáin.

Tá sonraí airgeadais maidir leis na réimsí seo a leanas istigh leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla:

- Táillí, nach mbaineann le pá, a íocadh le baill an Choiste;
- Pá agus Liúntais gearrthéarmach d'fhostaithe;
- Liúntais iar-fhostaíochta;
- Liúntais dheireadh na hoibre;
- Príomh-chúiteamh bainistíochta, más ann dó;
- Líon na bhfostaithe a raibh a sochair fostaí iomlán idir €0 agus €59,999;
- Líon na bhfostaithe a raibh a sochair fostaí iomlán idir €60,000 agus €69,999, agus laistigh de gach pá-bhanda €10,000; agus
- Méid iomlán do ranníocaíochtaí pinsin fhostóirí

Clúdaíonn an córas um rialú inmheánach gach polasaí, nós imeachta, prótacal, athbhreithniú agus sásra tuairiscithe chun rialachas agus comhlíontacht a chinntiú i ngach rud a dhéanaimid.

Deimhníonn an Bord go bhfuil BOOCDCM ag cloí le gnéithe ábhartha den gCód Caiteachais Phoiblí, agus ag comhlíonadh a dhualgais faoin ndlí cánach.

Cloíonn BOOCDCM le Polasaí agus Nósanna Imeachta Soláthair; Forbraíodh Plean Corporáideach Soláthair agus cuireadh i bhfeidhm é.

Tá Creat um Bhainistiú Pholasaithe (CBP) i bhfeidhm agus déantar polasaithe a fhorbairt, a fhaomhadh agus a athbhreithniú de réir an CBP.

## Tuairisc ar Nochtuithe Cosanta 2024

I gcomhréir le Roinn 22 den Acht um Nochtuithe Cosanta 2014, ní mór do BOOCDCM tuairisc a thabhairt gach bliain ar aon Nochtú Cosanta a fuarthas. Mar sin, ní bhfuair BOOCDCM aon Nochtú Cosanta sa bhliain 2024.

## Acht ne dTeangacha Oifigiúla 2003

Ní mór do BOOCDCM géilleadh d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, a leagann síos go n-ullmhaíonn comhlachtaí poiblí scéim teanga a shonraíonn na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla. Tá Scéim Teanga BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin 2022-2025 ag feidhmiú agus tuigeann BOOCDCM na dualgais atá orainn faoin Acht, agus táimid tiomanta géilleadh don Scéim Teanga agus cloí leis. Géilleann BOOCDCM do thuairisciú ar Roinn 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) don gCoimisinéir Teanga gach bliain.

## Astaíochtaí agus Inbhuanaitheacht

Ní mór do BOOCDCM ráiteas comhlíontachta a chur ar fáil tríd an tÚdarás um Ghníomhú ar son na hAeráide. Bunaithe ar na sonraí don bhliain 2023 thuairiscigh BOOCDCM go raibh laghdú san aschur ó bhreosla iontaise, ach faoi láthair, go bhfuil siad fós os cionn an chonair bonnlíne do spriocanna 2023. Maidir le hastaíochtaí iomlán CO2 is é an bhearna atá againn faoi láthair, idir an áit a bhfuilimid agus an sprioc, ná 1,300, 879 Kg CO2. Chun spriocanna iontaise CO2 a bhaint amach ní mór dúinn ár n-astaíochtaí a ísliú 48.4% sa bhreis, agus ní mór d'iomlán na n-astaíochtaí CO2 laghdú 56.6%. Reáchtálfar iniúchtaí fuinnimh i 2025 ar na húsáideoirí fuinnimh tearmach is airde againn.

## Glacadh le Bronntanais

I gcomhréir le Roinn 29 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, tuairiscíonn BOOCDCM nach bhfuarthas aon bhronntanais, i gcomhthéacs an Achta, le linn na bliana 2024.

Déantar sainmhíniú ar bhronntanas san Acht mar bhronntanas Airgid, Talaimh nó Sealúchais eile, nó cás ina n-iarrfaí ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin a bheith ina n-iontaobhaithe ar aon iontaobhas nó aon charthanas

## Comhdhéanamh an Bhoird (2019 – 2024) agus freastal ar chruinnithe 2024.

Le linn 2024, tháinig an Bord le chéile seacht n-uaire, agus tá sonraí an fhreastail le feiceáil sa tábla anseo thíos.

Rinneadh athnuachan ar an mBord tar éis na dtoghchán áitiúla i Mí Lúnasa 2024. Léiríonn an tábla thíos Bord BOOCDCM do 2019-2024, agus léiríonn an dara thábla na hathruithe a rinneadh ar an mBord tar éis na dtoghchán áitiúil.

| **BORD BOOCDCM 2019 – LÚNASA 2024** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Comhalta Boird** | **Foras a d'ainmnigh** | **23/01/2024** | **27/02/2024** | **26/03/2024** | **21/05/2024** | **Líon na gCruinnithe Boird ar fhreastail siad orthu / ar tionóladh iad: 4** |
| Cllr. Daragh Fitzpatrick **(Chair)** | CC Chill Dara | x | x | x | x | 4/4 |
| Cllr. Tom Fortune **(Deputy Chair)** | CC Chill Mhantáin | - | x | x | x | 3/4 |
| Cllr. Lourda Scott | CC Chill Mhantáin | x | - | - | - | 1/4 |
| Cllr. Nuala Killeen | CC Chill Dara | - | - | x | x | 2/4 |
| Cllr. Bernard Caldwell | CC Chill Dara | - | - | x | x | 2/4 |
| Cllr. Anne Ferris | CC Chill Mhantáin | x | x | - | x | 3/4 |
| Cllr. Evie Salmon | CC Chill Dara | x | x | x | x | 4/4 |
| Cllr. Peter Hamilton | CC Chill Dara | x | x | x | x | 4/4 |
| Cllr. Paul O'Brien | CC Chill Mhantáin | x | x | x | x | 4/4 |
| Cllr. Patsy Glennon | CC Chill Mhantáin | - | x | x | x | 3/4 |
| Cllr. Kevin Duffy | CC Chill Dara | x | x | x | x | 4/4 |
| Cllr. Íde Cussen | CC Chill Dara | x | x | x | x | 4/4 |
| Mr. Stephen Horan | Ionadaí Foirne | x | x | x | x | 4/4 |
| Ms. Aoife Ní Cheilleachair | Ionadaí Foirne | - | - | - | - | 0/4 |
| Mr. David O'Gorman | Ionadaí Tuismitheoirí | x | x | x | x | 4/4 |
| Ms Caoimhe Molloy | Comhairle Náisiúnta na nÓg in Éirinn | - | - | - | x | 1/4 |
| Mr. Noel Merrick | Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí/Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha | - | - | x | x | 2/4 |
| Ms. Siobhain Grogan | Conradh na Gaeilge | x | x | - | x | 3/4 |
| Mr Ronan Mills | Institiúid na gCeantálaithe agus na Luachálaithe Gairmiúla | - | - | - | - | 0/4 |

| BORD BOOCDCM 2019 – LÚNASA 2024 | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Comhalta Boird** | **Foras a d'ainmnigh** | **23/01/2024** | **27/02/2024** | **26/03/2024** | **21/05/2024** | **Líon na gCruinnithe Boird ar fhreastail siad orthu / ar tionóladh iad: 4** |
| Cllr. Daragh Fitzpatrick **(Chair)** | CC Chill Dara | x | x | x | x | 4/4 |
| Cllr. Tom Fortune **(Deputy Chair)** | CC Chill Mhantáin | - | x | x | x | 3/4 |
| Cllr. Lourda Scott | CC Chill Mhantáin | x | - | - | - | 1/4 |
| Cllr. Nuala Killeen | CC Chill Dara | - | - | x | x | 2/4 |
| Cllr. Bernard Caldwell | CC Chill Dara | - | - | x | x | 2/4 |
| Cllr. Anne Ferris | CC Chill Mhantáin | x | x | - | x | 3/4 |
| Cllr. Evie Salmon | CC Chill Dara | x | x | x | x | 4/4 |
| Cllr. Peter Hamilton | CC Chill Dara | x | x | x | x | 4/4 |
| Cllr. Paul O'Brien | CC Chill Mhantáin | x | x | x | x | 4/4 |
| Cllr. Patsy Glennon | CC Chill Mhantáin | - | x | x | x | 3/4 |
| Cllr. Kevin Duffy | CC Chill Dara | x | x | x | x | 4/4 |
| Cllr. Íde Cussen | CC Chill Dara | x | x | x | x | 4/4 |
| Mr. Stephen Horan | Ionadaí Foirne | x | x | x | x | 4/4 |
| Ms. Aoife Ní Cheilleachair | Ionadaí Foirne | - | - | - | - | 0/4 |
| Mr. David O'Gorman | Ionadaí Tuismitheoirí | x | x | x | x | 4/4 |
| Ms Caoimhe Molloy | Comhairle Náisiúnta na nÓg in Éirinn | - | - | - | x | 1/4 |
| Mr. Noel Merrick | Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí/Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha | - | - | x | x | 2/4 |
| Ms. Siobhain Grogan | Conradh na Gaeilge | x | x | - | x | 3/4 |
| Mr Ronan Mills | Institiúid na gCeantálaithe agus na Luachálaithe Gairmiúla | - | - | - | - | 0/4 |

## Comhdhéanamh an Bhoird (2024 - 2029) agus freastal ar chruinnithe 2024.

| BORD BOOCDCM le héifeacht ó 20/08/24 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Comhalta Boird** | **Foras a d'ainmnigh** | **20/08/24** | **17/09/24** | **26/11/24** | **Líon na gCruinnithe Boird ar fhreastail siad orthu / ar tionóladh iad: 3** |
| Cllr. Paul O'Brien - **(Cathaoirleach)** | CC Chill Mhantáin | - | x | x | 2/3 |
| Cllr. Evie Salmon – **(leaschathaoirleach)** | CC Chill Dara | x | x | - | 2/3 |
| Cllr. Daragh Fitzpatrick | CC Chill Dara | x | x | - | 2/3 |
| Cllr. Tom Fortune | CC Chill Mhantáin | x | x | x | 3/3 |
| Cllr. Nuala Killeen | CC Chill Dara | x | x | - | 2/3 |
| Cllr. David Trost | CC Chill Dara | x | x | x | 3/3 |
| Cllr. Rupert Heather | CC Chill Dara | x | x | x | 3/3 |
| Cllr. Claire O'Rourke | CC Chill Dara | x | x | x | 3/3 |
| Cllr. Brendan Wyse | CC Chill Dara | x | x | - | 2/3 |
| Cllr. Aoife Flynn Kennedy | CC Chill Mhantáin | x | x | x | 3/3 |
| Cllr. Louise Fenelon Gaskin | CC Chill Mhantáin | x | x | x | 3/3 |
| Mr. Stephen Horan | Ionadaí Foirne | x | x | x | 3/3 |
| Elaine Finnerty | Ionadaí Foirne | n/a | x | x | 2/2 |
| Cllr. John Snell | CC Chill Mhantáin | - | x | - | 1/3 |
| Maria Barry | Comhchomhlacht Bainistíochta /Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha | n/a | x | x | 2/2 |
| Tom Russell | Cumann Shiondróm Down | n/a | x | - | 1/2 |
| Carol Nolan | Rásaíocht Capall Éireann | n/a | x | x | 2/2 |
| Eamon O'Flaherty | Institiúid na gCeantálaithe agus na Luachálaithe Gairmiúla | n/a | x | x | 2/2 |
| Lisa Campbell | Ionadaí Tuismitheoirí | x | x | x | 3/3 |
| Anne Ferris | Comhlachas Ardoideachais Teicneolaochta | n/a | x | - | 1/2 |

## Cothromaíocht Inscne i mBallraíocht an Bhoird

Ar an 31 Nollaig, bhí 10 (47%) comhalta baineann agus 11 (52%) comhalta fireann ar an mBord, agus gan aon phost folamh. Dá bhrí sin, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit.

Bunaítear na Boird gach cúig bliana i ndiaidh toghcháin rialtais áitiúil. Mar a leagtar amach thuas, bunaíodh Bord nua-bhunaithe de chuid KWETB i mí Lúnasa 2024 i ndiaidh na dtoghchán áitiúil is déanaí. Tá KWETB ar an eolas faoi na ceanglais agus déanann siad iarracht cothromaíocht inscne a choinneáil agus a thacú ar an mBord seo.

## Coistí BOOCDCM

De réir Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013 is féidir le Bord BOOCDCM coistí a bhunú chun cabhrú leis lena dhualgais, go háirithe maidir lena mhaoirseacht ar chúrsaí airgeadais agus riosca.

Bunaithe faoi Roinn 45 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013, tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus an Coiste Airgeadais, comhdhéanta de bhaill Boird agus baill seachtracha neamhspleách atá ceaptha ag an mBord.

Tá ról faoi leith ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ag feidhmiú go neamhspleách ó bhainistíocht BOOCDCM, chun deimhin a dhéanamh de go gcosnaítear go hiomlán leas an Rialtais agus na bpáirtithe leasmhara eile, maidir le tuairisciú gnó agus airgeadais agus rialú inmheánach. Is ceann de phríomh-fheidhmeanna an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca comhairle a thabhairt maidir le riosca.

I rith na bliana, bhuail an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 5 huaire, agus tá sonraí an fhreastail leagtha amach sa tábla thíos. Ar chlár na hoibre ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca don bhliain 2024 bhí:

- Athbhreithniú ar na tuairiscí iniúchóireachta, agus monatóireacht ar dhul chun chinn chur i bhfeidhm thorthaí an iniúchóireachta le linn na bliana – Clár Iniúchóireachta;
- Bainistíocht Riosca;
- Athbhreithniú ar Rialú Inmheánach;
- Tuairiscí ón bhFeidhmeannas;
- Rannpháirtíocht Reachtaire Seachtrach (An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste) agus Inmheánach (An Coiste Iniúchóireachta Inmheánach agus BOO);

## Comhdhéanamh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus freastal ar chruinnithe 2024

| Ball Coiste | Seachtrach / Bord | 18/01/24 | 29/02/24 | 20/03/24 | 15/05/24 | Líon Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar freastáladh orthu/a reáchtáladh (4) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Mr. Paul McEvoy **(Cathaoirleach)** | Seachtrach | x | x | x | x | 4/4 |
| Mr. David Russell | Seachtrach | - | x | x | - | 2/4 |
| Ms. Ailish Byrne | Seachtrach | x | - | x | x | 3/4 |
| Ms. Kerrie Sheehan – D'éirigh as 29.02.24 | Seachtrach | x | n/a | n/a | n/a | 1/1 |
| Mr. Alan Richardson | Seachtrach | x | x | x | x | 4/4 |
| Cllr. Kevin Duffy | Bord | x | - | x | x | 3/4 |
| Cllr. Nuala Killeen | Bord | - | - | - | - | 0/4 |
| Mr. David O'Gorman | Bord | x | x | x | x | 4/4 |

## Comhdhéanamh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca nua ó 17.09.24, agus freastal ar chruinnithe 2024

| Ball Coiste | Seachtrach / Bord | 19/11/24 | Líon Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar freastáladh orthu/a reáchtáladh (1) |
|---|---|---|---|
| Mr. Paul McEvoy **(Cathaoirleach)** | Seachtrach | x | 1/1 |
| Mr. Alan Richardson | Seachtrach | x | 1/1 |
| Ms. Ailish Byrne | Seachtrach | x | 1/1 |
| Cllr. David Trost | Bord | x | 1/1 |
| Cllr. Aoife Flynn Kennedy | Bord | x | 1/1 |
| Maria Barry | Bord | x | 1/1 |
| | | | |

Tá ról faoi leith ag an gCoiste Airgeadais ag cabhrú agus ag tuairisciú leis an mBord maidir le cúrsaí airgeadais. Tá feidhm faoi leith ag an gCoiste Airgeadais maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla. Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire le linn na bliana 2024.

Mar chuid den chlár oibre ag an gCoiste Airgeadais sa bhliain 2024 bhí:

- Faomhadh agus measúnú ar chur i bhfeidhm an Phlean Seirbhíse Bliantúil;
- Athbhreithniú agus moltaí maidir leis na dréacht-ráitis airgeadais bhliantúla;
- Cuntais mhíosúla ioncaim agus caiteachais;
- Íocaíochtaí os cionn €25,000;
- Clár conarthaí;
- Moltaí maidir le léasanna agus ceadúnais

## Comhdhéanamh an Choiste Airgeadais, agus freastal ar chruinnithe 2024

| Ball Coiste | Seachtrach / Bord | 21/02/24 | 21/03/24 | 10/05/24 | Líon Cruinnithe an Choiste Airgeadais ar freastáladh orthu/ a reáchtáladh (3) |
|---|---|---|---|---|---|
| Mr. Noel Merrick **(Cathaoirleach)** | Bord | x | x | x | 3/3 |
| Cllr. Patsy Glennon | Bord | x | - | - | 1/3 |
| Cllr. Peter Hamilton | Bord | x | x | - | 2/3 |
| Mr. JJ Power | Seachtrach | x | x | x | 3/3 |
| Ms Martina Robinson | Seachtrach | x | - | x | 2/3 |

## Comhdhéanamh an Choiste Airgeadais nua ó 17.09.24, agus freastal ar chruinnithe 2024

| Ball Choiste | Seachtrach / Bord | 12/11/2024 | Líon Cruinnithe an Choiste Airgeadais ar freastáladh orthu/ a reáchtáladh (1) |
|---|---|---|---|
| Ms. Lisa Campbell | Bord | x | 1/1 |
| Cllr. Louise Fenelon Gaskin | Bord | x | 1/1 |
| Cllr. David Trost | Bord | x | 1/1 |
| Ms Martina Robinson | Seachtrach | x | 1/1 |
| Ms. Debbie Howlett | Seachtrach | x | 1/1 |

Mar a éilíonn an Cód Cleachtais um Rialú na mBord Oideachais agus Oiliúna, chuir an Coiste Iniúchóireacht agus Riosca, agus an Coiste Airgeadais, mion-tuairiscí bliantúla faoi bhráid an Bhoird, in am le tacú le críoch a chur leis na ráitis airgeadais, ag sonrú a gcuid imeachtaí agus moltaí.

## Bainistíocht Riosca

Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistíocht riosca. Reáchtáil BOOCDCM measúnú ar na príomh-rioscaí, na srianta oiriúnacha gaolmhara, agus rinne siad athbhreithniú ar éifeacht na mbearta seo sa bhliain 2023. Déanann BOOCDCM bainistíocht ar riosca trí chreat struchtúrtha bhainistíocht riosca. Cabhraíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an mBord leis an bhfeidhm atá acu maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca. Mír sheasta ar chláir chruinnithe an Bhoird is ea bainistíocht riosca.

Forbraíodh Cláir Riosca éagsúla agus déantar bainistíocht ghníomhach orthu don gCorporáid, na Scoileanna, an Bhreisoideachas agus Oiliúint, agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na cláir ag gach cruinniú den gcoiste, agus tuairiscíonn Stiúrthir TFE don Bhord maidir le Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú den Bhord.

Chuir BOOCDCM lena chur chuige maidir le Bainistíocht Riosca sa bhliain 2024;

- Go gníomhach ag aithint, ag taifeadadh agus ag cur gníomhartha maolaitheacha i bhfeidhm ar an gclár riosca;
- Tuairisciú rialta don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus don Bhord, maidir le bainistíocht riosca, agus athruithe sna príomh-rioscaí;
- Mír sheasta ar chlár an Bhoird is ea Bainistíocht Riosca;
- Tuairiscí rialta ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca;
- Bainistíocht ghníomhach ar an gClár Iniúchóireachta.

Chomh maith le bainistíocht riosca, déantar athbhreithniú cuimsitheach bliantúil ar rialú inmheánach.
Tá an córas um rialú inmheánach i BOOCDCM bunaithe ar:

- Nósanna imeachta bainistíochta agus riaracháin
- Scaradh dualgas
- Údaruithe faoi leith
- Srianta inmheánacha
- Cinnteachtaí faighte
- Tuairiscí míosúla airgeadais an bhuiséad
- Tuairiscí agus moltaí iniúchóireachta sheachtraí (Clár Iniúchóireachta)
- Tuairiscí agus moltaí iniúchóireachta inmheánaí (Clár Iniúchóireachta)

Tá Ráiteas mionsonraithe BOOCDCM ar Rialú Inmheánach sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla; chomh maith leis sin chuir an Cathaoirleach tuairisc chuig an Aire, mar atá leagtha amach i Roinn 6.8 den gCód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna 2024.

# Ceithre Cholún na dTosaíochtaí Straitéiseacha

## 1 Teagasc agus Foghlaim

A chinntiú go bhfuil an caighdeán is airde teagaisc agus foghlama sna seirbhísí go léir atá againn, an caighdeán atá riachtanach a sholáthar trí chur chuige atá ionchuimsitheach, nuálach agus foghlaimeoir-lárnach. Tacú le gach foghlaimeoir de chuid BOOCDCM barr a gcumas a bhaint amach, agus freagairt do riachtanais oideachais agus oiliúna a thagann chun solais inár bpobail, san eacnamaíocht agus sa sochaí. Caighdeán Teagaisc agus Foghlama Spiorad BOOCDCM a chur chun cinn i Scoileanna agus in Ionaid.

## 2 Timpeallachtaí Oibre agus Foghlama

Ár n-áiseanna, infreastruchtúr agus fearas a fhorbairt go sistéimeach agus cur leis, don fhoireann agus d'fhoghlaimeoirí. Feabhas a chur ar na timpeallachtaí oibre agus foghlama inár scoileanna, ionaid agus oifigí go léir de réir an dea-chleachtais. A bheith freagrúil do pholasaithe níos leithne náisiúnta maidir le tacú le timpeallacht inmharthana do gach duine.

## 3 Foireann

Cabhrú leis an bhfoireann barr feabhais a bhaint amach trí dea-phróisis agusdea- nósanna imeachta eagraíochta, córais éifeachta cumarsáide, seirbhís ar ard-chaighdeán don fhoireann, forbaird ar ghréasáin ghairmiúla, oiliúint scileanna, cláir forbartha don fhoireann agus timpeallachtaí dearfacha a chur chun cinn go gníomhach a dhéanamh ar thimpeallachtaí dearfacha oibre.

## 4 Rialachas Corporáideach

Cultúir agus córais láidir um rialachas corporáideach a bheith againn, atá freagrach agus trédhearcach. Tacú leis seo trí struchtúir agus córais éifeachtacha riaracháin, féiniúlacht láidir corporáideach (brandáil/PR), rannpháirtíocht agus géilliúlacht dearfach idir custaiméirí agus páirtithe leasmhara.

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

## Príomh-ghaiscí BOOCDCM sa bhliain 2023

Tagann na gaiscí seo a leanas ón mbliain 2023 ó na cuspóirí straitéiseacha a leagadh amach i bPlean Straitéise BOOCDCM (RS) 2020 - 2024 agus Plean Seirbhíse 2023 BOOCDCM. Ar chur i bhfeidhm an RS, tá sé mar fhís, agus muid ag bogadh ar aghaidh, plean oibríochta sonraithe bliantúil a cheapadh chun na spriocanna agus na beartais sa 4 cholún straitéiseach a chur chun cinn, i gcomhairle leis an bhfoireann. Déanfar monatóireacht ráithe ar an dul chun cinn a dhéantar gach bliain agus beidh tuairisc air ag deireadh na bliana sa Tuairisc Bhliantúil don Eagraíocht, mar atá le feiceáil anseo thíos.

| Cuspóir Straitéise | Gníomh Straitéise | 2024 Torthaí / Gaiscí |
|---|---|---|
| Tosaíocht Straitéise 1: Teagasc agus Foghlaim | | |
| **1. Barrfheabhsaigh Éispéaras an Mhic Léinn/ an Fhoghlaimeora** | Bain spriocanna na gcomhaontuithe seirbhíse 2024 amach de réir mar atá leagtha síos ag SOLAS | Sa bhliain 2024 rinne BOOCDCM dul chun cinn maith ó thaobh spriocanna na gcomhaontuithe seirbhíse, mar a bhí leagtha síos ag SOLAS, a bhaint amach. Cé nach raibh gach catagóir i gceist i dtuairiscíú SPA ó SOLAS (m.sh Tacú le Poist, Gluaiseacht ó BO go AO), bhí an cur i ngníomh sna réimsí a ndearnadh tuairisc orthu an-láidir. Go háirithe bhí an ráta Gluaiseachta ag 131%, Foghlaim ar Feadh an tSaoil (FFS) ag 124%, Leathnú Rannpháirtíochta ag 184%, agus Ionchuimsitheacht Ghníomhach (ALL) ag 101%. Bhain tras-scileanna 82% amach. Príomh-Scileanna (75%) agus Scileanna chun Críochnú (70%) a bhí beagáinín faoi bhun na spriocanna, de bharr, don chuid is mó, athruithe sa daonra agus éileamh réigiúnda tar éis COVID, agus oiriúnú eacnamaíoch. |

| | | |
|---|---|---|
| | Leathnaigh amach an clár tacaíochta do mhic léinn chun gach catagóir foghlaimeora a thabhairt isteach ann | Lean an obair ar chonair níos fearr d'fhoghlaimeoirí, agus rolladh amach ar lámhleabhair d'fhoghlaimeoirí agus don fhoireann |
| **1.2 Nuálaíocht sa Teagasc agus san Fhoghlaim** | **1.2.1** Déan imeascadh ar theicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn chun feabhas a chur ar an dteagasc agus ar an bhfoghlaim go hinmheánhach agus ó chian trí straitéis TFC BOOCDCM. | **<u>Scoileanna</u>**<br>Cumarsáid agus comhoibriú foirne a chur chun cinn ar fud na heagraíochta trí árdán ar líne, gréasáin tacaíochta do Mhúinteoirí Ábhar, agus Grúpaí Fócais Speisialta á bhunú san áireamh.<br><br>Soláthar déanta ar chomhoibriú ar thionscnaíochtaí agus ar thionscnaimh a bhaineann le teicneolaíocht foghlama ar nós Ríomhshábháilteacht agus Códú.<br><br>Tugadh tacaíocht indibhidiúil do scoileanna chun caighdeán na múinteoireachta agus na foghlama i scoileanna BOO a fheabhsú trí Phleanáil Dhigiteach a chomhordú sna scoileanna.<br><br>Rinneadh forbairt ar eolas agus scileanna na múinteoirí chun teicneolaíocht a úsáid, teicnící don fhoghlaim chumaisc agus cruthú ábhar ina measc, trí cheardlanna aghaidh ar aghaidh a chur ar fáil sna scoileanna.<br><br>Roinn comhairle agus cuir Deiseanna don Fhorbairt Ghairmiúil agus Straitéisí Nuálaíoch Teagaisc agus Foghlama chun cinn.<br><br>**<u>BOO</u>**<br>Lean roinnt clár forbartha gairmiúla maidir le imeascadh TF do dhearbhú cailíochta. Reáchtáladh |

| | | |
|---|---|---|
| | | ceardlann inmheánach faoin IS i gcleachtas Teagaisc agus Foghlama le timpeall 50 i láthair sa chéad ceathrú de 2024, agus tá IS á húsáid go coitianta i BOO maidir le cleachtais Teagaisc agus Foghlama. |
| **1.3 Ag Tacú le hÉagsúlacht i bPobal na Mac Léinn agus rochtain do gach Foghlaimeoir** | **1.3.1** Comhionannas deiseanna, taithí agus torthaí a chinntiú do fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama, riachtanais speisialta oideachais nó míchumais acu, ionas gur féidir leo leas a bhaint as an raon iomlán deiseanna oideachais agus oiliúna a chuireann BOOCD ar fáil. | Chuir BOOCDCM seirbhís shábháilte agus chomhlíontach ar fáil in 2024, agus beartais nuashonraithe um Chosaint Leanaí agus Daoine Fásta Leochaileacha curtha i bhfeidhm ar fud gach cineál seirbhíse, lena n-áirítear TS, YR, >18 mbliana d'aois, agus PLC. Lean an eagraíocht de bheith ag tacú le rochtain do gach foghlaimeoir agus choinnigh sí cloí le hoibleagáidí faoi reachtaíocht na Gaeilge agus chearta an duine. Cinntíodh comhlíonadh go háirithe trí úsáid a bhaint as feidhmiúlacht aistriúcháin ionsuite ar chórais ghréasáin agus modhanna fógraíochta cuí. |
| **1.4 Ghréasáin fhoirne, Comhoibriú agus Pobal Foghlama** | **1.4.1** Cuir cultúr nuálaíochta agus cleachtais mhachnamhach chun cinn, ina measc breis forbartha ar ghréasáin fhoirne, roinnt an dea-chleachtais, agus fóraim fhoghlama. | **<u>Scoileanna</u>**<br>Reáchtáladh cruinnithe rialta le Gréasán na bPríomhoidí in áiteanna éagsúla. Go hiondúil, reáchtáladh 6 chruinniú sa bhliain i scoileanna ar fud Chill Dara agus Chill Mhantáin. Forbraíonn grúpa stiúrtha Ghréasáin na bPríomhoidí an clár do gach cruinniú le cabhair ó Stiúrthóir na Scoileanna agus leagtar síos ábhar na gcruinnithe seo roimh ré le hionchur ó na Príomhoidí go léir sa Ghréasán.<br><br>Bhí deis ag na leas-phríomhoidí páirt a ghlacadh in imeacht lae a bhain le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, curtha ar fáil ag na Leas-Phríomhoidí |

| | | |
|---|---|---|
| | | don Gréasán. D'fhreastal na Leas-Phríomhoidí chomh maith ar chruinniú deireanach Ghréasán na bPríomhoidí i Mí Meithimh 2024.<br><br>Leanann clár meantóireachta na Leas-Phríomhoidí. Tá leas á bhaint ag na Leas-Phríomhoidí a ceapadh le déanaí as tacaíocht mheantóireachta ó mheantóirí gur Leas-Phríomhoidí iad laistigh den scéim.<br><br>Mar bhall de choiste FGL BOOÉ tá scoil shamhraidh eagraithe againn do cheannairí láir, atá á reáchtáil le dhá bhliain anuas in OL. Bhí aon bhall déag ó BOOCDCM i láthair ag an scoil shamhraidh is déanaí i Mí Meithimh 2024.<br><br><br>**BOO**<br>Cé nach bhfuil uimhir curtha le líon na dtionscnamh comhoibríocha, rinneadh iarrachtaí cultúr na nuálaíochta agus an chleachtais mhachnamhach a neartú, ag tacú le rannpháirtíocht foirne agus roinnt an dea-chleachtais. |
| **Tosaíocht Straitéise 2: Timpeallachtaí Oibre agus Foghlama** | | |
| **2.1 Foirgníocht, Cothabháil, Inbhuanaitheacht.** | **2.1.1** Feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh ár scoileanna agus ár n-ionad | Críochnaíodh straitéis inbhuanaitheachta BOOCDCM i 2024, ina raibh bonnlíne measúnaithe timpeallachta, agus forbairt ar pholasaithe |

| | | |
|---|---|---|
| | oideachais i gcomhréir leis an dea-chleachtas agus leis na treoirlínte. | inbhuanaitheachta agus nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánach. Baineadh amach comhlíontacht le riachtanais an phlean náisiúnta, ag léiriú go bhfuil príomh-chuspóir corporáideach ailínithe le gealltanais chun CO2 a laghdú. |
| | **2.1.2** Déan forbairt ar phlean ceithre-bliana do BOO chun CO2 a laghdú. | Rinneadh forbairt ar phlean atriallach bunaithe ar thuairisciú aeráide faoi shainordú. |
| | **2.1.3** Aithin agus soláthraigh oifigí riaracháin do BOOCDCM sa Nás agus i mBaile Chill Mhantáin, atá oiriúnach don fheidhm. | Sprioc go mbeidh oifigí Chill Dara críochnaithe faoi Bhealtaine 2025. Tá athbhreithniú fós ar siúl maidir le hoifigí Chill Mhantáin. |
| **2.2 Faisnéis agus cumarsáid – TFC** | **2.2.1** Reáchtáil measúnú riosca ar na córais TFC ar fad, agus cuir plean gníomhaíochta in áit mar fhreagra ar seo. | Rinneadh measúnaithe riosca ar chórais BOOCDCM, agus is é an tionscnamh um aistriú fearainn, a thosaigh i 2024, agus atá fós ar siúl, an chéad chéim chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna faoi chibearshlándáil |
| | **2.2.2** Déan athbhreithniú ar Phróisis Láimhe BOOCDCM chun na cinn ar féidir athbhreithniú a dhéanamh orthu, a fheabhsú agus/nó a uathoibriú, a aithint, chun éifeachtúlacht níos fearr a chinntiú. | Níl córas Tionscnaimh um Thuairisciú ar Bhainistíocht ar Oibriú na Fiontraíochta Dhigiteach beo go fóill.<br>Tá an Córas Taistil ar Líne ag feidhmiú anois ar Core.<br><br>Tá cóid an Mhórleabhair Ghinearálta Párolla daingnithe anois le cóid SUN. |

| | | |
|---|---|---|
| **Cuir timpeallacht dhearfach oibre chun cinn a bhfuil cultúr measa, dínite agus comhionannais mar bhonn leis.** | **2.3.1** Bunluachanna, fís agus misean BOOCDCM á chur chun cinn go gníomhach. | Tá sé seo leanúnach, agus tharla comhairliúchán iomlán maidir le luachanna, agus tá uasdátú déanta orthú anois don Ráiteas nua Straitéise. |
| | **2.3.2** Cuir Bhunluachanna, Fís agus Misean BOOCDCM chun cinn go gníomhach sna scoileanna. | Lean an obair ar Thionscnamh Feidhmiú Bhunluachanna BOO<br><br>4 Reáchtáladh Cruinnithe Gréasáin um Fhoghlaim Ghairmiúil le Ceannairí Éitis ar fud scoileanna BOOCDCM.<br>Thug an Comhordaitheoir Éitis cuairteanna tacaíochta ar scoileanna.<br><br>Rannpháirtíocht i Lá BOO ar an 2 Márta, agus Seachtain BOO i 2024.<br><br>Acmhainní LADTA scaipithe ar scoileanna.<br><br>Tugadh an t-ábhar cuí do scoileanna chun Tionscnamh Feidhmiú Bhunluachanna BOOÉ a rolladh amach chun Éiteas a neadú.<br><br>Maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht leanaimid de bheith ag obair chun luachanna BOOCDM agus na luachanna a bhaineann lenár ndualgas san Earnáil Phoiblí a neadú. |

| | | |
|---|---|---|
| | **2.3.3** Dírigh ar thacaíochtaí forbartha faoi leith do Bhainisteoirí chun cabhrú leo timpeallacht dhearfach oibre a chur chun cinn agus a chothú. | I Mí Meithimh 2024, reáchtáladh Teastas i mBainistiú Scileanna Daonna, cúrsa 4 lá FGL, le Príomhoifigigh Chúnta (POC), baill foirne Grád vii agus Grád vi ón bhfoireann TFE i láthair. Bhí 19 ar an iomlán ón bhfoireann i láthair ag an gcúrsa. Bhí an cúrsa ann chun tacú le timpeallacht dhearfach oibre agus torthúil a chur chun cinn. Ceadaíodh roinnt poist nua mar Phríomhoifigigh Chúnta i 2024. Ar fhoireann bhainistíochta TFE anois tá POC amháin i Seirbhísí Corporáideacha, AD, Foirgníocht & Soláthar, agus dhá POC ar an bhfoireann Airgeadais. |
| Tosaíocht Straitéise 3: Meas ar an bhFoireann agus forbairt a dhéanamh air | | |
| **3.1 Cuir Córais agus Cleachtais Láidre Earcaíochta agus Coinneála ar fáil.** | **3.1.1**. Lean den athbhreithniú agus den fheabhsú ar ár bpróisis agus ár gcleachtais earcaíochta chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm, agus ag freastal ar riachtanais BOOCDCM. | Lean BOO ag neartú na bpróisis earcaíochta trí phoist ceadaithe a bhogadh ar aghaidh go héifeachtach. As an 23 iarratas ar chead a cuireadh faoi bhráid na Roinne Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nualaíochta agus Eolaíochta, ceadaíodh 22 agus bogadh ar aghaidh iad, ag cinntiú gur fhan an leibhéal foirne ailínithe leis na riachtanais chun seirbhís a sholáthar, agus le pleanáil acmhainní. |

| | | |
|---|---|---|
| **3.2 Déan forbairt ar Straitéis Chumarsáide Inmheánach** | **3.2.1** Déan níos mó forbartha ar chórais chumarsáide agus eolais inmheánacha chun tacú le hobair na heagraíochta, chun rochtain éasca ar eolas a chur chun cinn, agus chun comh-fhéiniúlacht a chur chun cinn laistigh den eagraíocht. | Tá an córas um Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí (BCC) curtha i bhfeidhm agus ar fáil do gach roinn. Tá TFC ag leanúint ar aghaidh le scéim phíolótach ag baint úsáide as an gcóras um Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí (BCC) agus á úsáid mar an t-aon mheán cumarsáide chun iarratais TFC a logáil.<br><br>Lean cumarsáid inmheánach BOO go héifeachtach i 2024, le taifid chuimsitheacha á gcoimeád ar chruinnithe bainistíochta agus imeachtaí foirne trí cháipéisíocht TEAM. Chabhraigh na hiarrachtaí seo le trédhearcacht, agus cinntiú go raibh cinntí buiséid agus oibríocha eolach agus ailínithe le tosaíochtaí eagraíochta. |
| **Tosaíocht Straitéiseach: Rialachas Corporáideach agus Ceangail Sheachtracha** | | |
| **4. Rialachas** | **4.1.1** Déan athstruchtúrú ar an leathdháileadh buiséid chuig ionaid chostais indibhidiúla ailínithe leis na catagóirí maoinithe leasaithe ó SOLAS. | Choinnigh BOO creataí láidre rialachais, ag cinntiú go raibh gach caiteachas agus imeacht maoirseachta ag cloí le caighdeáin chomhlíontachta. Ainneoin dúshláin earnála agus arduithe i liúntais agus i gcostais phárolla nach raibh súil leo, coinníodh aird mhaith ar chaiteachas áitiúil. Tugadh faoi deara ró-chaiteachas réamh-mheasta de €500,000, agus |

| | | |
|---|---|---|
| | | lean bainistíocht bhuiséid réamhghníomhach i rith na bliana. Cuireadh gach leathdháileadh deontais a bhain le hábhair i gcríoch agus rinneadh ailíniú orthú le seirbhísí agus tionscnaimh chuí. |

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW EDUCATION AND TRAINING BOARD

## Gluais Téarmaí agus Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| BOOCDCM | Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin |
| CIA<br>PLC | Iar-Ardteistiméireacht<br>Post Leaving Certificate |
| BOO<br>FET | Breisoideachas agus Oiliúint<br>Further Education and Training |
| DE | An Roinn Oideachais<br>Department of Education |
| | Further Education Systems Support |
| ESBS | Seirbhísí Gnó Oideachais Chomhroinnte<br>Education Shared Business Services |
| ASD | Neamhord de chuid Speictream an Uathachais<br>Autism Spectrum Disorder |
| ABE | Oideachas Bunata Aosach<br>Adult Basic Education |
| APO | Príomhoifigeach Cúnta<br>Assistant Principal Officer |
| AFS | Ráitis Airgeadais Bhliantúla<br>Annual Financial Statements |
| IAU-ETBs | Aonad Iniúchóireachta Inmheánach – Boird Oideachais agus Oiliúna<br>Internal Audit Unit- Education &Training Boards |
| QQI | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann<br>Quality and Qualifications Ireland |
| NFQ | An Creat Náisiúnta Cáilíochta<br>National Framework Qualification |
| REALT | Foirne Réigiúnacha Oideachais Agus Teanga Don Úcráin<br>Regional Education and Language Team |
| DigCap | Clár 6 mhí de chuid BOOCDCM um Fhorbairt Ghairmiúil, ailínithe le Creat na hEorpa um Inniúlacht Dhigiteach d'Oideachasóirí. Cuirtear ar fáil é ag trí leibhéal; Fionnachtaí, Comhlach agus Comhalta.<br><br>KWETB's 6 month Professional Development programme, aligned to the European Digital Competence Framework for Educators. Offered at three levels; Pathfinder, Associate and Fellow. |

| | |
|---|---|
| ALISS | Seirbhís Chomhtháite Soláthair don Fhoghlaim Inrochtana<br>Accessible Learning Integrated Supply Service |
| OEC | Ionad Oideachais Allamuigh<br>Outdoor Education Centre |
| SEN | Riachtanais Speisialta Oideachais<br>Special Educational Needs |
| NAPD | Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí<br>National Association for Principals & Deputy's |
| SMT | Foireann Ardbhainistíochta<br>Senior Management Team |
| PMF | Creat um Bhainistíocht Pholasaí<br>Policy Management Framework |
| BOM | Bord Bainistíochta<br>Board of Management |